



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023  
(OR. en)

6370/23

**LIMITE**

**CORLX 191  
CFSP/PESC 261  
COEST 120  
FIN 191**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES  
a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i  
ndíchobhsú staid na hÚcráine

---

**CINNEADH (CBES) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha  
i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES<sup>1</sup>.
- (2) Leanann an tAontas de bheith diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.
- (3) Sna conclúidí uaithi an 9 Feabhra 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go diongbháilte cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin go bhfuil an tAontas faoi réir chun leanúint dá bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise a threisiú agus dúirt sí go ndéanfaí bearta frith-imchéimniúcháin a threisiú.
- (4) I bhfianaise thromchúis na staide, agus mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is iomchuí bearta sriantacha breise a thabhairt isteach.

---

<sup>1</sup> Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

(5) Go háirithe, is iomchuí srian a chur leis an bhféidearthacht post a shealbhú i gcomhlachtaí rialaithe eintiteas criticiúil, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup>, i mbonneagar criticiúil Eorpach, mar a shainmhínítear i dTreoir 2008/114/CE ón gComhairle<sup>2</sup>, agus i mbonneagar criticiúil, mar a shainmhínítear i dTreoir 2008/114/CE agus Treoir (AE) 2022/2557. Tá ról riachtanach ag eintitis chriticiúla agus ag bonneagair, ina gcáil mar sholáthraithe seirbhísí fior-riachtanacha, i geothabháil feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha sa mhargadh inmheánach, i ngeilleagar an Aontais atá ag éirí níos idirspleáiche i gcónai. D'fhéadfadh tionchar na Rúise ar na heintitis agus ar na bonneagair sin a ndea-fheidhmiú a chur i mbaol agus, ar deireadh, d'fhéadfadh sé soláthar seirbhísí fior-riachtanacha do shaoránaigh na hEorpa a chur i nguais.

---

<sup>1</sup> Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht na n- eintiteas criticiúil agus lena n- aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164).

<sup>2</sup> Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

(6) Leagtar amach creat an Aontais maidir le heintitis agus bonneagair chriticiúla i dTreoir 2008/114/CE, arna haisghairm le héifeacht ón 18 Deireadh Fómhair 2024, maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú, agus i dTreoir (AE) 2022/2557 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil, agus é d'aidhm aige athléimneacht eintiteas criticiúil sa mhargadh inmheánach a fheabhsú trí bhíthin rialacha íosta comhchuibhithe mar aon le cúnamh a thabhairt dóibh trí bhíthin bearta tacaíochta agus maoirseachta atá comhleanúnach agus tiomnaithe. I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, beidh feidhm ag an toirmeasc nua ar phost a shealbhú i gcomhlachtaí rialaithe go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2024 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha agus bonneagair chriticiúla, mar a shainmhínítear i dTreoir 2008/14/CE ón gComhairle, arna sainaithint nó arna n-ainmniú amhlaidh faoin dlí náisiúnta.

Ón 18 Deireadh Fómhair 2024, beidh feidhm ag an toirmeasc nua maidir le heintitis chriticiúla agus bonneagair chriticiúla, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2557.

Leagtar síos le Treoir (AE) 2022/2557 oibleagáid ar na Ballstáit eintitis chriticiúla a shainaithint sa dlí náisiúnta faoin 17 Iúil 2026 le haghaidh na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann léi. Dá bhrí sin, ón 17 Iúil 2026, bainfidh an toirmeasc ar phost a shealbhú i gcomhlachtaí rialaithe leis na heintitis chriticiúla uile atá sainitheanta nó ainmnithe amhlaidh ag na Ballstáit.

- (7) Is iomchuí freisin toirmeasc a chur ar thoilleadh stórála gáis san Aontas a chur ar fáil do náisiúnaigh Rúiseacha, do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis nó do dhaoine dlítheanacha nó d'eintitis atá bunaithe sa Rúis. Ós sócmhainn ríthábhachtach do shlándáil an tsoláthair gáis san Aontas í an toilleadh stórála gáis, tá an toirmeasc seo riachtanach ionas nach n-úsáidfidh an Rúis a soláthar gáis mar uirlis troda agus chun rioscaí cúblála margaidh a sheachaint, rud a dhéanfadh dochar do sholáthar fuinnimh criticiúil an Aontais.
- (8) Chun teacht timpeall a sheachaint agus chun a áirithiú, i dtaca le haon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú aon duine nádúrtha nó dhlítheanaigh nó cairtfhostaithe aige, go ndéanfar an toirmeasc ar thuirlingt i geríoch an Aontais nó imeacht uaithi nó eitilt thairsti a chomhlónadh, is iomchuí go dtugtar isteach oibleagáid d'oibreoirí aerárthaí fógra a thabhairt dá n-údaráis inniúla maidir le heitiltí neamhsceidealta. Ba cheart don Bhallstát lena mbaineann na Ballstáit eile, an Bainisteoir Líonra agus an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach bonn i gcás nach dtugann sé cead d'eitilt den sórt sin.
- (9) Chun an riosca go rachfar timpeall ar na bearta sriantacha a íoslagnéar, is iomchuí freisin toirmeasc a chur ar idirthuras earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide agus aim a onnmhairítear ón Aontas a iompar trí chríoch na Rúise.

- (10) Ina theannta sin is iomchuí 96 iontráil a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, eadhon liosta na n-eintiteas a thugann tacaíocht dhíreach do choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus dá chogadh foghach ar an Úcráin, ar eintitis iad ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin is déine maidir le hearraí agus teicneolaíochta dé-úsáide chomh maith le hearraí agus teicneolaíochta a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Ag cur san áireamh an nasc díreach idir monaróirí Iaránach aerárthach gan foireann agus coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise, agus an riosca nithiúil go n-úsáidtear earraí nó teicneolaíochta áirithe chun córais mhíleata a mhonarú, córais a chuireann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ba cheart roinnt eintiteas de chuid na hIaráine a chur leis an liosta sin.
- (11) Is iomchuí freisin síneadh a chur le fionraíocht ceadúnas craoltóireachta san Aontas a cuireadh ar na heagraíochtaí meán cumarsáide atá faoi bhuanrialú cheannaireacht na Rúise, agus leis an toirmeasc ar a n-inneachar a chraoladh.
- (12) Thug Cónaidhm na Rúise faoi fheachtas córasach idirnáisiúnta ionramháil na meán agus saobhadh fíricí chun feabhas a chur ar a straitéis díchobhsaithe ar a tíortha comharsanachta agus ar an Aontas agus a Bhallstáit. Go háirithe, dhírigh an bholscaireacht ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha arís agus arís eile agus ar bhonn leanúnach, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin, agus chomh maith leis sin ar an tsochaí shibhialta, ar iarrthóirí tearmainn agus ar mhionlaigh eitneacha na Rúise, ar mhionlaigh inscne, agus ar fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha san Aontas agus ina Bhallstáit.

- (13) Chun údar agus tacaíocht a thabhairt dá cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, thug Cónaidhm na Rúise faoi ghníomhaíochtaí bolscaireachta leanúnacha comhbheartaithe dírithe ar an tsochaí shibhialta san Aontas agus ar thíortha comharsanachta, rud a dhéanann fíricí a shaobhadh agus a ionramháil go mór.
- (14) Rinneadh na gníomhaíochtaí bolscaireachta sin a sheoladh trí roinnt eagraíochtaí meán faoi bhuanrialú díreach nó indíreach cheannaireacht Chónaidhm na Rúise. Is bagairt shuntasach dhíreach iad gníomhaíochtaí den sórt sin ar ord poiblí agus ar shlándáil an Aontais. Tá na heagraíochtaí meán sin ríthábhachtach agus tá ról lárnach acu ó thaobh tacaíocht a thabhairt don chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus é a thabhairt chun cinn, agus ó thaobh tacaíocht a thabhairt do dhíchobhsú na dtíortha comharsanachta.
- (15) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, agus mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is gá, i gcomhréir leis na cearta agus na saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe an ceart chun tuairimí a noctadhl agus an ceart chun faisnéise, mar a aithnítear in Airteagal 11 di, bearta sriantacha breise a thabhairt isteach chun gníomhaíochtaí craoltóireachta na n-eagraíochtaí meán sin san Aontas nó na gníomhaíochtaí craoltóireachta atá dírithe ar an Aontas a chur ar fionraí. Ba cheart na bearta a choinneáil ar bun go dtí go gcuirfear deireadh leis an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, agus go dtí go n-éireoidh Cónaidhm na Rúise, agus a heagraíochtaí meán gaolmhara, as gníomhaíochtaí bolscaireachta a dhéanamh in aghaidh an Aontais agus a Bhallstát.

- (16) I gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe leis an gceart chun tuairimí a noctadhl agus faisnéis a fháil, leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus leis an gceart chun maoine mar a aithnítear in Airteagail 11, 16 agus 17 di, ní chuireann na bearta sin cosc ar na heagraíochtaí meán ná ar a bhfoireann gníomhaíochtaí a dhéanamh san Aontas seachas craoladh, amhail taighde agus agallaimh. Go háirithe, leis na bearta sin, ní mhodhnaítear an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú, lena n-áirítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus i mbunreachtanna na mBallstát, laistigh dá réimsí cur i bhfeidhm faoi seach.
- (17) Tá an tAontas tiomanta do bhagairtí ar shábhálteacht mhuirí a sheachaint. Is iomchuí díolúintí áirithe a thabhairt isteach d'obreoirí an Aontais seirbhísí píolótacha a sholáthar do shoithí atá faoi ghluaiseacht neamhurchóideach mar a shainmhínítear sa dlí idirnáisiúnta atá riachtanach ar chuíseanna sábhálteachta muirí.

- (18) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le láimhseáil allmhairí, is iomchuí foráil a dhéanamh do rialacha maidir le hearraí atá san Aontas go fisiceach agus a cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim cheana nuair a tháinig siad faoi réir srianta den sórt sin a bheith á scoileadh ag údaráis chustaim na mBallstát. Tá feidhm ag an bhféidearthacht sin gan beann ar na nósanna imeachta faoinar cuireadh na hearraí tar éis iad a chur faoi bhráid lucht custaim (idirthuras, próiseáil isteach, scoileadh i saorchúrsaíocht, etc.) nó ar na céimeanna agus na foirmiúlachtaí nós imeachta de bhun Chód Custaim an Aontais atá riachtanach don scoileadh. Is iomchuí a údarú do na Ballstáit freisin earraí a tugadh isteach san Aontas cheana féin san am a chuaigh thart a scoileadh. Tá an méid sin riachtanach ar mhaithe le hoibreoirí an Aontais a thug na hearraí sin isteach san Aontas de mheon macánta tráth nach raibh siad fós faoi réir aon bheart sriantach ar allmhairí, lena n-áirítear nuair a ceadaíodh a n-allmhairí fós le linn tréimhse clabhsúir. Ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú go ndéanfaidh scoileadh na n-earraí sin, agus aon íocaíocht a bhaineann leo, forálacha agus cuspóirí bhearta sriantacha an Aontais a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do chinneadh gan earraí den sórt sin a scoileadh na cuspóirí sin a chomhlíonadh agus a áirithiú, i measc nithe eile, nach gcuirfear na hearraí ar ais chuig an Rúis.
- (19) Is iomchuí freisin cur le liosta na dtíortha comhpháirtíochta atá ag cur tacar beart rialaithe onnmhairiúcháin i bhfeidhm atá coibhéiseach go substaintiúil leis na bearta a leagtar amach i gCinneadh 2014/512/CBES.
- (20) Is iomchuí freisin díolúintí nó maoluithe áirithe a thabhairt isteach a bhaineann le bearta áirithe, nó iad a leathnú, agus ceartúcháin theicniúla áirithe a dhéanamh sa téacs oibríochtúil.

- (21) Ní mór don Aontas gníomhaíocht bhrefise a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.
- (22) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1aa mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) i mír 3:

‘(d) idirbhearta, lena n-áirítear díolacháin, a bhfuil géarghá leo chun comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022 a fhoirceannadh roimh an 31 Nollaig 2023, a bhaineann le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1;’;

(b) i mír 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(h) seirbhísí píolótacha a sholáthar do shoithí faoi ghluaiseacht neamhurchóideach mar a shainmhínítear sa dlí idirnáisiúnta, ar seirbhísí iad is gá ar chuíseanna sábháilteachta muirí.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3b:

‘3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo do dhísheistiú agus aistarraingt, ag na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nó óna bhfocuideachtaí san Aontas, ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas, faoin 31 Nollaig 2023.’;

(2) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 11*

1. Beidh toirméasc amhail ón ...[*IO: cuir isteach dáta aon mhi amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*] ar chead a thabhairt do náisiúnaigh na Rúise nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis post a shealbhú i gcomhlachtaí rialála úinéirí nó oibreoirí bonneagar criticiúil, bonneagair chriticiúil Eorpaigh agus eintiteas criticiúil.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Bhallstáit, le náisiúnaigh tíre is ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná le náisiúnaigh na hEilvéise.

## Airteagal 1m

1. Beidh toirmheasc ar thoilleadh stórála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír 1, pointe 28 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\* a sholáthar i saoráid stórála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 9 de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\*\*, cé is moite den chuid sin de na saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe a úsáidtear le haghaidh stórála, dóibh siúd a leanas:
  - (a) náisiúnach de chuid na Rúise, duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis, nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;
  - (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó
  - (c) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le hoibríochtaí a bhfuil géarghá leo chun conarthaí a fhoirceannadh faoin ... [IO: *cuir isteach dáta mí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*] i gcás conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a tugadh i gcrích roimh ... [IO: *cuir isteach le do thoil dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*] nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, soláthar toillte stórála dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun an soláthar criticiúil fuinnimh a áirithíú laistigh den Aontas.
4. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 3 laistigh de choicís ón údarú.

---

\* Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

\*\* Treoir 2009/73/CÉ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n- aisghairtear Treoir 2003/55/CÉ (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).';

(3) in Airteagal 3, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

- ‘1a. Earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítéar ón Aontas, beidh toirmeasc ar a n-idirthuras trí chríoch na Rúise.
- 3a. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a shonraítear i mír 1a den Airteagal seo maidir le hidirthuras earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de mhír 3 den Airteagal seo trí críoch na Rúise.
- 4a. De mhaolú ar mhír 1a, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide trí chríoch na Rúise a údarú tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch atá i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4 den Airteagal seo.’;

(4) in Airteagal 3aa, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

- ‘1a. Maidir le hairm agus a gcodanna, a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítéar ón Aontas, beidh toirmeasc ar a n-idirthuras trí chríoch na Rúise.’;

(5) in Airteagal 4d, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5c. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid D d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ní bheidh feidhm ag na toirmisc a shonraítear i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo i ndáil leis an bhforghníomhú go dtí ... [IO: *cuir isteach dáta mí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*] i gcás conarthaí a thugtar i gcrích roimh ... [IO: *cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*], nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(6) in Airteagal 4e, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

5. Oibreoirí aerárthaí a oibríonn eitiltí neamhsceidealaithe idir an Rúis agus an tAontas, eitiltí a oibrítear go díreach nó trí thríú thír, tabharfaidh siad fógra do na húdaráis inniúla faoin bhfaisnéis ábhartha uile sula n-oibrítear an eitilt agus 48 n-uaire roimh ré ar a laghad.
6. Ar eitilt ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le mír 5 a dhiúltú, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile, an Bainisteoir Lónra agus an Coimisiún ar an eolas fúthu láithreach bonn.';

(7) leasaítear Airteagal 4k mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘3d. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid C d’Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ní bheidh feidhm ag na toirmisc a shonraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i ndáil leis an bhforghníomhú go dtí ... [IO: *cuir isteach dáta 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*] i gcás conarthaí a thugtar i gcrích roimh ... [IO: *cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*], nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 2803 agus 4002 mar a liostaítear i gCuid B d’Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 833/2014, a bhfuil feidhm ag mír 3da den Airteagal seo maidir leo.

3da. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a shonraítear i míreanna 1 agus 2 go dtí an 30 Meitheamh 2024 maidir leis na cainníochtaí seo a leanas a allmhairiú, a cheannach nó a iompar nó maidir leis an gcúnamh teicniúil ná airgeadais gaolmhar is gá chun iad a allmhairiú isteach san Aontas:

- (a) 752 475 thonna mhéadracha i gcás earraí a thagann faoi chód AC 2803;
  - (b) 562 973 thonna mhéadracha i gcás earraí a thagann faoi chód AC 4002.';
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:
- '5. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuotaí méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach i míreanna 3da agus 4 a bhainistiú i gcomhréir leis an gcorás bainistíochta le haghaidh cuotaí rátaí taraife dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún\*.

---

\* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).';

(9) leasaítear Airteagal 4m mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3c. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid C d’Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ní bheidh feidhm ag na toirmise a shonraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i ndáil leis an bhforghníomhú go dtí ... [IO: *cuir isteach dáta mí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*] i gcás conarthaí a thugtar i gcrích roimh ... [IO: *cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*], nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 720825, 720890, 720925, 720928, 721924 mar a liostaítear i gCuid C d’Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 883/2014 iad, a bhfuil feidhm ag mír 3 maidir leo.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4a:

‘4a. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairíú na n-earraí a thagann faoi chód AC 8417 20 a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta tí daoine nádúrtha.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4b. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear i gCuid C d’Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5a:

‘5a. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4a, 4b agus 5, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú le haghaidh onnmhairiú chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáide sa Rúis, má tá forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.’;

(9) leasaítear Airteagal 4r mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘2a. De mhaolú ar Airteagal 1K, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint soláthar seirbhísí a liostaítear san Airteagal sin go dtí an 31 Nollaig 2023 a údarú, i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an difheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) soláthraítear na seirbhísí sin do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a eascraíonn ón difheistiú sin agus dá dtairbhe amháin; agus

(b) níl aon phoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go soláthrófaí na seirbhísí go díreach nó go hindíreach do Rialtas na Rúise nó d'úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Rúis.’;

(b) leasaítear mír 4 mar a leanas:

‘4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1, 2 nó 2a laistigh de choicís ón údarú.’;

(10) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 4s*

Ní bheidh feidhm ag na toirmisc ar sholáthar cúnaimh theicniúil a leagtar síos sa Chinneadh seo maidir le seirbhísí píolótacha a sholáthar do shoithí faoi ghluaiseacht neamhurchóideach mar a shainmhínítear sa dlí idirnáisiúnta, seirbhísí is gá ar chuíseanna sábháilteachta muirí.

*Airteagal 4t*

1. Chun críocha na dtoirmeasc ar earraí a allmhairíú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, féadfaidh na húdaráis chustaim earraí atá san Aontas a scaoileadh, mar a fhóráiltear in Airteagal 5, pointe (26) de Chód Custaim an Aontais, ar choinníoll gur cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim iad i gcomhréir le hAirteagal 134 de Chód Custaim an Aontais roimh theacht i bhfeidhm nó roimh dháta cur i bhfeidhm na dtoirmeasc allmhairiúcháin faoi seach, cibé acu is déanaí.
2. Ceadófar gach céim nós imeachta is gá le haghaidh scaoileadh na n-earraí ábhartha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5 de bhun Chód Custaim an Aontais.
3. Ní cheadóidh na húdaráis chustaim scaoileadh na n-earraí má tá forais réasúnta acu a bheith in amhras go bhfuil seachaint i gceist agus ní údaróidh siad ath-onnmhairíú na n-earraí chuig an Rúis.
4. Beidh íocaíochtaí i ndáil leis na hearraí sin comhsheasmhach le forálacha agus cuspóirí an Chinnidh seo, go háirithe an toirmeasc ar cheannach, agus Cinneadh 2014/145/CBES.

5. Maidir le hearraí atá san Aontas go fisiceach agus a cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim roimh ... [IO: *cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*] agus a stopadh le linn chur i bhfeidhm an Chinnidh seo, féadfaidh na húdaráis chustaim iad a scaoileadh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1, 2, 3 agus 4.';

---

\* Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).';

- (11) leasaítear na hIarscríbhinní mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo iad.

Beidh feidhm ag pointe 11 seo i leith ceann amháin de na heintitis nó roinnt de na heintitis dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo ón ... [IO: *cuir isteach, le do thoil, an dáta 6 seachtaine tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithigh seo*] agus ar choinníoll go gcinneann an Chomhairle amhlaidh d'aontoil, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na cásanna faoi seach.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtaráin*

---


## IARSCRÍBHINN


- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES:


### ‘IARSCRÍBHINN IV


Liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 3(7), 3a(7) agus 3b(1)

1. JSC Sirius
2. OJSC Stankoinstrument
3. OAO JSC Chemcomposite
4. JSC Kalashnikov
5. JSC Tula Arms Plant
6. NPK Technologii Maschinostrojenija
7. OAO Wysokototschnye Kompleksi
8. OAO Almaz Antey
9. OAO NPO Bazalt
10. Admiralty Shipyard JSC

- 
11. Aleksandrov Scientific Research Technological Institute NITI
  12. Argut OOO
  13. Communication center of the Ministry of Defense
  14. Federal Research Center Boreskov Institute of Catalysis
  15. Federal State Budgetary Enterprise of the Administration of the President of Russia
  16. Federal State Budgetary Enterprise Special Flight Unit Rossiya of the Administration of the President of Russia
  17. Federal State Unitary Enterprise Dukhov Automatics Research Institute (VNIIA)
  18. Foreign Intelligence Service (SVR)
  19. Forensic Center of Nizhniy Novgorod Region Main Directorate of the Ministry of Interior Affairs
  20. International Center for Quantum Optics and Quantum Technologies (the Russian Quantum Center)
  21. Irkut Corporation

- 
22. Irkut Research and Production Corporation Public Joint Stock Company
  23. Joint Stock Company Scientific Research Institute of Computing Machinery
  24. JSC Central Research Institute of Machine Building (JSC TsNIIMash)
  25. JSC Kazan Helicopter Plant Repair Service
  26. JSC Shipyard Zaliv (Zaliv Shipbuilding yard)
  27. JSC Rocket and Space Centre – Progress
  28. Kamensk-Uralsky Metallurgical Works J.S. Co.
